

ATHBHREITHNIÚ NEAMHSPLEÁCH AR AN OIDEACHAS
I dTUAISCEART ÉIREANN

TUAIRISC EATRAMHACH

DEIREADH FÓMHAIR 2022



CLÁR ÁBHAR

Réamhrá ón Phainéal	1
1. Cúlra an Athbhreithnithe	3
2. Tiomsú Fianaise	5
2.1 Cur chuige	5
2.2 Rannpháirtíocht Dhíreach	5
2.2.1 Aighneachtaí	5
2.2.2 Seisiúin Fianaise	6
2.3 Suirbhé	8
2.4 Tuilleadh Oibre	9
2.4.1 Taighde agus Tiomsú Fianaise	9
2.4.2 Rannpháirtíocht Choimisiúnaithe	9
3. Prionsabail	11
3.1 Oideachas Sármhaith	11
3.2 Córas Oideachais Sármhaith	12
4. Mórcheisteanna	13
4.1 Luathbhlianta	13
4.2 Míbhuntáiste agus Tearcghnóthachtáil	14
4.3 Tacaíocht, Ionchuimsiú agus Folláine Foghlaimeora	15
4.4 Curaclam agus Measúnú	16
4.5 Aistrithe agus Dul Chun Cinn	17
4.6 Breisoideachas	18
4.7 Tacú le Lucht Saothair an Oideachais	18
4.8 Struchtúir agus Córas Aonair	19
4.9 Rialachas Institiúideach	20
4.10 Maoiniú – Leordhóthanacht, Éifeachtúlacht agus Tionchar	20

5.	Na Chéad Chéimeanna Eile	23
5.1	Na Chéad Chéimeanna Eile	23
5.2	Tacaíocht a Fhorbairt	23
5.3	Seachadadh	23
	Liosta Acrainmneacha	25
	larscríbhinn I – Aighneachtaí a fuarthas	27
	larscríbhinn II – Liosta de na seisiúin fianaise	29
	larscríbhinn III – Tuarascáil ar Anailís Suirbhé	37

RÉAMHRÁ ÓN PHAINÉAL

Is fadhbanna domhanda iad na mórcheisteanna atá le réiteach san oideachas. Mar shampla, is saincheist atá le réiteach fud fad na cruinne í an tearcghnóthachtáil i measc na bhfoghlaimeoirí is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Is amhlaidh atá an scéal fosta i gcás na mbuarthaí coitianta a bhaineann le forbairt na scileanna a bheas de dhíth ar lucht saothair na todhchaí agus ar fhoghlaimeoirí le go dtig leo an úsáid is éifeachtúla is féidir a bhaint as an teicneolaíocht. Tá méaduithe ar shainnithint na sainriachtanas oideachais agus buarthaí faoi dtaobh den mheabhairshláinte agus an fholláine le sonrú go leiththeadach ar fud an domhain.

Mar fhreagairt air seo, is iondúil go dtugtar faoi athbhreithniú rialta ar ghnéithe den oideachas i mbunús na dtíortha ar domhan. D'fhéadfadh sé go ndéanfadh siad imscrúdú ar an mheasúnú, ar rialachas, ar fhoghlaim san áit oibre nó ar úsáid na teicneolaíochta úire; ach is fíorbheagán acu a dhéanann imscrúdú ar a gcóras trí chéile. Ach tá a lán buntáistí ag baint le cur chuige níos cuimsithí a ghlacadh. Go háirithe, má amharcann athbhreithniú achar maith chun cinn, is féidir gur spreagfadh a bheadh ann le fíis chomhtháite a fhorbairt mar ar mhó an t-iomlán ná a chuid comhpháirteanna uilig.

Is ionann na téarmaí tagartha fairsinge atá againn, mar sin, agus deis iontach. Iarradh orainn amharc ar aistear an fhoghlaimeora tríd an tsaol: machnamh a dhéanamh ar fhorbairt an pháiste le linn luathbhlianta an tsaoil agus teacht aníos le moltaí le cuidiú le foghlaimeoirí níos sine na dúshláin a ionramháil a thagann le hiad a bheith ag maireachtáil le linn tréimhse de mhearathrú, athrú a mbíonn borradh ag teacht air i rith an ama. Tá sé tábhachtach, ní hamháin go mbeadh an t-oideachas ag freastal ar riachtanais shonracha shochoaí agus geilleagar Thuaisceart Éireann an lae inniu, ach go mbeadh sé ag cuidiú leis an tsochaí fosta plé le dúshláin na todhchaí.

Ag croí an phróisis athbhreithnithe seo, tá riachtanais an fhoghlaimeora. Tá fócas ar mholtaí a dhéanamh as a n-eascrófar eispéireas oideachais den chéad scoth d'achan fhoghlaimeoir i dTuaisceart Éireann; lena gcothófar iontu grá don fhoghlaim a leanfas ar feadh an tsaoil. Is í an aidhm atá ann, fíis a chur ar fáil i dtaca leis an chuma a bheadh ar an oideachas sármhaith, ag achan leibhéal, sna blianta suas le lár an chéid. Ag an am chéanna, aithnímid go bhfuil an méid a mbítear ag súil leis ón oideachas ag éirí níos uailmhianaí agus go bhfuil na hoideachasóirí s'againn faoi bhrú suntasach.

Tá leagtha amach sa Tuairisc Eatramhach seo an obair a bhfuiltear i ndiaidh tabhairt fúithi go dtí seo agus na heochairthéamaí a saináithníodh lena bhfiosrú agus lena n-anailísiú a thuilleamh. Ní chuirtear chun tosaigh inti, ag an tráth seo, aon réitigh ná moltaí. Tá a thuilleadh oibre de dhíth lenár smaointeoireacht a fhorbairt, le hanailís a dhéanamh ar roghanna agus le cur leis an tacaíocht don tseachadadh. Déanfar moltaí maidir le hathrú a leagan amach sa Tuairisc Deiridh, mar a molfar an treo a bheas le leanúint agus na chéad chéimeanna a bheas le glacadh.

Tá sé soiléir cheana ón phróiseas rannpháirtíochta fhairsing go bhfuil barúlacha láidre ag go leor daoine i dtaobh an oideachais; ar na nithe a oibríonn go maith, ar na nithe nach n-oibríonn chomh maith céanna agus ar an mhéid a bheadh le déanamh. Tá comhaontú leathan ann i dtaobh roinnt ceisteanna ach is amhlaidh go bhfuil éagsúlacht de thuirimí ann agus ábhar díospóireachta ag baint le ceisteanna eile. Ní rud é seo nach mbeifí ag dúil leis agus bheadh an scéal céanna amhlaidh in achan uile thír ar domhan. Cé go bhfuil tábhacht le tuairimí na bpáirtithe leasmhara, tá sé ríthábhachtach go mbeadh na moltaí bunaithe go daingean ar an fhianaise agus dírithe ar an fhoghlaimoír.

Níl sé de rogha againn faic a dhéanamh. Ba cheart an feabhsúchán leanúnach a spreagadh go gníomhach má tá an t-oideachas le coinneáil suas leis na hathruithe sa tsochaí i gcoitinne. Tá gá le hathchóiriú le go dtig torthaí den scoth a sholáthar d’achan fhoghlaimoír, le go dtig an córas a bheith inmharthana agus lena chinntiú go mbíonn Tuaisceart Éireann in ann dul in iomaíocht sa mhargadh dhomhanda.

1. CÚLRA AN ATHBHREITHNITHE

‘Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú seachtrach neamhspleách ar an tsoláthar oideachais a chur ar bun, mar a mbeidh fócas ar níos mó éifeachtúlachta a chinntiú ó thaobh costais seachadta de, ar chaighdeán a ardú, ar rochtain ar an churaclam don uile dhalta, agus ar na hionchais i dtaca le bheith ag aistriú i dtreo córas oideachais aonair.’

[Deich mBliana Nua, Cur Chuige Nua \(2020\)](#)¹

Croíghalltanais mar chuid de Dheich mBliana Nua, Cur Chuige Nua (DBNCCN) ab ea athbhreithniú neamhspleách ar an oideachas i dTuaisceart Éireann.

Chomhaontaigh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann [Téarmaí Tagartha](#) (TT) an athbhreithnithe agus chuir faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann iad i mí na Nollag 2020.²

I mí Mheán Fómhair, 2021, cheap an tAire Oideachais, Michelle McLlveen CTR, na daoine seo a leanas le tabhairt faoin athbhreithniú:

- [Dr Keir Bloomer \(Cathaoirleach\)](#)
- [Sir Gerry Loughran \(Leas-Chathaoirleach\)](#)
- [Marie Lindsay](#)
- [Robin McLoughlin OBE](#)
- [Isabel Nisbet](#)

Is ionann obair an Phainéil agus athbhreithniú bunúsach ar chóras oideachais Thuaisceart Éireann agus fócas ar chaighdeán, cothromas agus inmharthanacht an chórais.

1 *Ré Nua, Cur Chuige Nua* (Eanáir 2020), lch 7.
https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/856998/2020-01-08_a_new_decade__a_new_approach.pdf

2 Athbhreithniú Neamhspleách ar an Oideachas, (2021), *Téarmaí Tagartha*.
<https://www.independentreviewofeducation.org.uk/key-documents>

Is deis atá ann fosta comhaontú ar fhís i dtaca leis an chuma a bheadh ar chóras oideachais ardchaighdeáin nuálach ionchuimsitheach i lár an aonú haois fichead agus mar a d'fhéadfadh comhpháirtithe bheith ag oibriú le chéile d'fhonn an fhís sin a réadú – ag cinntiú go n-aithneofaí ar bhonn idirnáisiúnta go bhfuil an tOideachas i dTuaisceart Éireann sármhaith. Rinneadh soiléir sna TT a comhaontaíodh faoi choinne an athbhreithnithe nár cheart go gcuirfeadh na polasaithe agus na struchtúir oideachais atá i bhfeidhm faoi láthair aon srianta ar an fhís seo.

Is é is cuspóir leis an Tuairisc Eatramhach seo, go príomha, nuashonrú a chur ar fáil i dtaca leis an obair atá déanta go dtí seo. Beidh breac-chuntas inti ar:

- An cur chuige ar glacadh leis i leith tiomsú fianaise;
- Na prionsabail a bhaineann le sármhaitheas san oideachas;
- Na mórcheisteanna atá le cíoradh sa Tuairisc Deiridh; agus
- Na chéad chéimeanna eile a ghlacfaidh an Painéal.

Leanfar den tiomsú fianaise, de na teagmhálacha le páirtithe leasmhara agus den anailís. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara, mar sin de, nach bhfuil aon tátal deiridh leagtha amach sa tuairisc seo.

2. TIOMSÚ FIANAISE

2.1 Cur chuige

Cuireadh tús le hobair Phainéal an Athbhreithnithe Neamhspleách i mí Dheireadh Fómhair 2021, tráth a tugadh faoi phróiseas fairsing tiomsaithe fianaise. Chuimsigh sé seo:

- Rannpháirtíocht dhíreach le páirtithe leasmhara oideachais trí:
 - glacadh le haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara agus
 - plé díreach le páirtithe leasmhara an oideachais (lenar áiríodh daoine óga atá ag dul tríd an chóras oideachais faoi láthair).
- Suirbhé poiblí agus
- Breithniú ar fhaisnéis a bhí ar fáil cheana agus imscrúdú nó taighde breise a choimisiúnú.

Tá muid thar a bheith sásta leis an leibhéal rannpháirtíochta go dtí seo agus iontach buíoch díobh sin a ghlac an t-am le bheith rannpháirteach, le fianaise a sholáthar, le cuairteanna a éascú agus lena ndearcthaí i dtaca leis na príomhcheisteanna a bhí le plé a roinnt linn.

Tá míniú sa rannán seo ar na próisis éagsúla a úsáideadh le fianaise a thiomsú.

2.2 Rannpháirtíocht Dhíreach

2.2.1 Aighneachtaí

Lorgaíodh aighneachtaí agus fianaise ó bhéal ón réimse iomlán de pháirtithe leasmhara an oideachais. Léiríodh an iliomad buarthaí sna haighneachtaí seo agus cuireadh éagsúlacht de thuairimí chun cinn iontu i dtaca le todhchaí an oideachais i dTÉ. Chuidigh siad go mór linn agus muid ag breithniú ar réimsí tosaíochta an fhiosraithe faoi choinne na hoibre s’againn agus i dtaca lenár smaointeoireacht a fhorbairt.

San iomlán, fuarthas 45 aighneacht scríofa – tá liosta iomlán na rannpháirtithe ar fáil in **larscríbhinn I**. Ní chuimsíonn sé seo aon chomhfhreagras leantach ná aon chuir i láthair a chuir páirtithe leasmhara ar fáil le linn nó sna sála ar sheisiúin fianaise.

Tá na haighneachtaí scríofa uilig ar fáil lena léamh ar shuíomh gréasáin an [Athbhreithnithe Neamhspleách ar an Oideachas](#).³

2.2.2 Seisiúin Fianaise

Rinneadh achan iarracht dul i dteagmháil le réimse leathan de ghrúpaí agus de dhaoine aonair, lena chinntiú go mbeadh guth ag daoine a mbeadh réimse ilchineálach de bharúlacha acu, mar aon le saineolaithe i réimsí faoi leith. Leanfar den obair seo agus aon áit a sainaithneofar bearnaí sa rannpháirtíocht seo, féachfaidh muid lena líonadh.

Tá liosta iomlán de na heagraíochtaí agus de na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo mar chuid de na seisiúin tiomsaithe fianaise ar fáil in **larscríbhinn II**. Cuimsíonn sé seo páistí agus daoine óga, ionadaithe de chuid eagraíochtaí óige, múinteoirí/cleachtóirí, acadóirí, oifigigh rialtais agus earnála poiblí, comhlachtaí earnála oideachais, ionadaithe tuismitheoirí agus ionadaithe de chuid grúpaí níos leithne amhail ceardchumann agus páirtithe polaitíochta.

Ar na seisiúin seo, bhí:

- Ceardlanna le Tionól Óige Thuaisceart Éireann, painéal óige Choimisinéir Thuaisceart Éireann do Pháistí agus Daoine Óga (NICCY), Aontas na Mac Léinn Meánscoile i dThuaisceart Éireann (SSUNI), Fóram na nÓg, grúpaí óige eile agus mic léinn socrúcháin ollscoile atá ag obair i Státseirbhís Thuaisceart Éireann (NICS).
- Cuaireanna ar choláiste breisoideachais (BO), ar scoileanna (bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta) agus Ionad Oideachas Lasmuigh den Scoil (EOTAS). B'ionann na cuairteanna seo agus deis bualadh le foghlaimeoirí, príomhoidí, léachtóirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus gobharnóirí.
- Cruinnithe de chuid grúpa de phríomhoidí agus cleachtóirí luathbhlianta/bunscoile agus iar-bhunscoile, a cuireadh ar bun i mí Aibreáin 2022 d'fhonn bonn eolais a chur faoin Athbhreithniú agus le smaointe a thástáil. Tá an grúpa seo i ndiaidh teacht le chéile dhá uair go dtí seo.

3 <https://www.independentreviewofeducation.org.uk/key-documents>

- Cruinnithe le grúpa Ceannaireachta Straitéisí na Scoileanna Speisialta, le Grúpa Príomhoidí na gColáistí Breisoideachais, leis an Choláiste Talmhaíochta, Bia agus Fiontraíochta Tuaithe, le príomhoidí scoile a oibríonn i limistéar Phlean Dickson agus le ceannasaithe Sure Start.
- Cruinnithe le leas-seansailéirí Ollscoil na Ríona agus Ollscoil Uladh agus le príomhoidí agus lucht ardbhainistíochta i gColáiste Ollscoile Naomh Muire agus i gColáiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis agus le Comhairle na nOllscoileanna um Oideachas Múinteoirí Thuaisceart Éireann (UCETNI). Bhuail muid fosta le múinteoirí faoi oiliúint ó Choláiste Mhuire agus ón tSruthán Mhilis.
- Cruinnithe faisnéisithe le hoifigigh polasaí sna ranna iomchuí, lena n-áirítear an Roinn Oideachais (RO), an Roinn Geilleagair (RP), an Roinn Sláinte (RS), an Roinn Talmhaíochta, Timpeallachta agus Gnóthaí Tuaithe (RTTGT) agus Oifig an Fheidhmeannais (OF), mar aon leis an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI).
- Cruinnithe le heochairchomhlachtaí seachadta agus tacaíochta a bhíonn ag obair san oideachas. Orthu seo, bhí lucht ardbhainistíochta agus bord an Údaráis Oideachais (ÚO); lucht ardbhainistíochta agus comhairle Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS); agus lucht ardbhainistíochta agus comhairle na Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA). Reáchtáladh seisiún fianaise chomh maith le toscaireachtaí ó Sheirbhís Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha (CSTS), Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG), Comhairle Thacaíochta na Scoileanna Rialaithe (CSSC), Cumann na bhForas Rialaithe TÉ (GBANI), Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha (NICIE), agus Comhairle Ionadaithe na nAistreoírí (TRC).
- Cruinnithe le ceardchumann a dhéanann ionadaíocht do mhúinteoirí, léachtóirí agus baill foirne tacaíochta.
- Cruinnithe le Páirtí na Comhghuaillíochta, le Páirtí Aontachtach Uladh, le Sinn Féin, le Páirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre, le Páirtí an Ghutha Thraidisiúnta Aontachtaigh agus le Páirtí Aontachtach Uladh.⁴ Reáchtáladh [seisiún faisnéisithe leis an Choiste Oideachais](#) ar an 15 Nollaig, 2021.⁵

4 Tugadh cuireadh do gach páirtí polaitíochta ag a raibh ionadaíocht sa Tionól tráth ár mbunaithe (Deireadh Fómhair 2021) bualadh leis an phainéal agus ábhar i scríbhinn a chur ar fáil.

5 Tionól Thuaisceart Éireann, Cruinniú de chuid an Choiste Oideachais (Dé Céadaoin, an 15 Nollaig, 2021). <https://niassembly.tv/committee-for-education-meeting-wednesday-15-december-2021/>

- Cruinnithe le roinnt comhpháirtithe oideachais tábhachtacha eile, lena n-áirítear Koualla Yiasouma (NICCY), oifigigh shinsearacha sa Roinn Oideachais i bPoblacht na hÉireann, an painéal saineolaithe ar an tearcghnóthachtáil oideachasúil (arb é an Dr Noel Purdy an cathaoirleach), an Ciste Oideachas Imeachtha (IEF), an tOllamh Siobhán O'Neill (Curadh Meabhairshláinte Thuaisceart Éireann), Oifig Iniúcháireachta Thuaisceart Éireann, Daonnachtaithe Thuaisceart Éireann, réimse d'fhorais fostóra agus scileanna agus plé comhchéime le hacadóirí áitiúla.

2.3 Suirbhé

Ón 9 Nollaig, 2021, go dtí an 4 Feabhra, 2022, réachtáil muid suirbhé, a bhí oscailte do fhreagairtí ón phobal. An cuspóir a bhí aige ná tuairimí tosaigh a bhailiú i dtaca le:

- a) An chuma a bheadh ar an oideachas mhaith.
- b) Buanna an oideachais i dTuaisceart Éireann.
- c) Laigí an oideachais i dTuaisceart Éireann.
- d) Na saincheistanna tosaíochta don Athbhreithniú.

Chuidigh an fhaisnéis a fuarthas linn ár bplean oibre a mhúnlú agus chuir sé lenár smaointeoireacht ar an fhís agus ar eochair-réimsí fiosraithe.

Bhí an suirbhé ar fáil ar shuíomh gréasáin an Athbhreithnithe Neamhspleách ar an Oideachas agus rinneadh é a phoibliú trí na meáin shóisialta, trí litreacha agus bileoga eolais chuig scoileanna agus coláistí, trí chomhfhreagras le páirtithe leasmhara an oideachais agus trí na meáin áitiúla. De bhreis ar an phríomhshuirbhé, cuireadh leagan níos gairide a bhí dírithe ar pháistí in aois bhunscoile ar fáil. Bhí na suirbhéanna ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.

San iomlán, fuarthas 1,234 freagairt ar an phríomhshuirbhé agus 98 freagairt ar leagan na bpáistí.

Táthar i ndiaidh na torthaí a fuarthas a fhoilsiú in éineacht leis an tuairisc seo agus tá siad ar fáil in **larscríbhinn III**.

2.4 Tuilleadh Oibre

2.4.1 Taighde agus Tiomsú Fianaise

Rinneadh breithniú ar réimse leathan de thaighde, de bhileoga teorach agus d'fhaisnéis eile mar chuid den Athbhreithniú seo.

De bhreis air sin, rinneadh na píosáí oibre breise seo a leanas a choimisiúnú:

- Léirbhreithniú litríochta ar athbhreithnithe a rinneadh roimhe seo agus ar thaighde atá ann cheana i dtaca leis an tsoláthar oideachais i dTuaisceart Éireann (Roulston et al., 2021)
- *Athbhreithniú agus Anailís ar Bheartas Tíre: An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)*, (Gníomhaireacht na hEorpa um Shainriachtanais agus Oideachas Ionchuimsitheach, 2021)
- *Tionchair an roghnaithe ar bhonn acadúil i dTuaisceart Éireann – léirbhreithniú litríochta don Athbhreithniú Neamhspleách ar an Oideachas* (Pivotal, 2022).

Tá na nithe seo thuas uilig ar fáil ar shuíomh gréasáin an [Athbhreithnithe Neamhspleách ar an Oideachas](#).⁶

2.4.2 Rannpháirtíocht Choimisiúnaithe

I bhfianaise líon na bpáirtithe leasmhara agus amscálaí teoranta, thuig muid go rímhaith nach mbeadh muid in ann plé go díreach le gach aon pháirtí leasmhar.

Dá réir sin, rinne an Painéal Seirbhís Óige an Údaráis Oideachais agus Parenting NI a choimisiúnú le tabhairt faoi rannpháirtíocht bhreise. Ba é ab fhócas don rannpháirtíocht seo ná tuiscint níos fearr a fháil ar na buanna agus na laigí ar bhraith daoine iad a bheith ag baint leis an oideachas i dTuaisceart Éireann agus cuidiú i dtaca le tosaíochtaí don Athbhreithniú a shainiú. Tá tuarascáil an Údaráis Oideachais agus tuarascáil Parenting NI ar fáil ar shuíomh gréasáin an [Athbhreithnithe Neamhspleách ar an Oideachas](#).⁷

6 <https://www.independentreviewofeducation.org.uk/key-documents>

7 <https://www.independentreviewofeducation.org.uk/key-documents>

3. PRIONSABAIL

‘Is ionann an tAthbheithniú fosta agus deis le fíis a chomhaontú i dtaca leis an chuma a bheas ar chóras oideachais ardchaighdeán nuálach i dTuaisceart Éireann san 21ú haois agus mar a d’fhéadfadh comhpháirtithe ábhartha bheith ag obair le chéile leis an fhíis sin a réadú – córas den chéad scoth ar bhonn idirnáisiúnta a dhéanamh de Thuaisceart Éireann. Níor cheart an fhíis sin a bheith srianta ag an struchtúr reatha oideachais.’

[Téarmaí Tagartha⁸](#)

Bunspríoc inghnóthaithe de chuid na dTéarmaí Tagartha s’againn ná fíis shoiléir a leagan amach i dtaca leis an chuma ba cheart a bheith ar oideachas ardchaighdeán nuálach ionchuimsitheach i dTuaisceart Éireann san 21ú haois.

Leis an fhíis seo a fhorbairt, is mian linn samhail d’oideachas sármhaith i dTuaisceart Éireann a chur ar fáil; an méid ba cheart dó a sholáthar don fhoghlaimoir agus an dóigh ar cheart é a dhearadh. Tá dhá ghné ag baint leis seo – an rud is oideachas sármhaith ann agus na torthaí ba cheart dó a sholáthar.

Ón obair atá déanta go dtí seo – lena n-áirítear breithniú ar na freagairtí don tsuirbhé phoiblí – rinne muid na croíphrionsabail seo a leanas a fhorbairt, a bheas mar bhonn eolais faoi na moltaí deiridh agus na tograí i dtaca le hathchóiriú.

3.1 Oideachas Sármhaith

Ba cheart go gcuideodh an t-oideachas sármhaith linn uilig forbairt ar bhonn aonair, mar fhoghlaimoirí agus mar shaoránaigh. Ba cheart:

- go gcinnteodh sé go mbíonn daoine sláintiúil muiníneach; feasach ar bhonn morálta; oilte go mothúchánach agus go sóisialta; agus iad in ann a n-intleacht agus a n-inniúlachtaí fisiceacha a úsáid chun uastairbhe a bhaint amach dóibh féin agus don tsochaí.

- go spreagfadh sé foghlaimeoirí le bheith uailmhianach cumasach, agus grá don fhoghlaim acu ar feadh an tsaoil.
- go n-ullmhóidh sé saoránaigh le bheith ag dréim le todhchaí níos fearr dóibh féin agus do dhaoine eile; le bheith eiticiúil agus eolasach; agus le cur leis an tsochaí agus leis an gheilleagar.

3.2 Córas Oideachais Sármhaith

Ba cheart go dtiocfadh, le córas oideachais sármhaith, tairbhí do dhaoine aonair, don tsochaí agus don gheilleagar. Ba cheart:

- go dtabharfadh sé tús áite do riachtanais foghlaimeoirí agus go gcinnteodh sé go bhfaigheann siad tacaíocht iomlán ó lucht saothair oideachais oilte tiomanta i suíomhanna ina mbeadh na hacmhainní cearta ar fáil dóibh. Cosnóidh sé agus cuirfidh chun cinn a bhfolláine, ag léiriú meas ar chearta réasúnacha tuismitheoirí lena chinntiú go gcuirtear oideachas ar pháistí i gcomhréir lena gcreideamh reiligiúnach agus fealsúnach.⁹ Caithfear go cothrom le daoine agus cuirfidh an córas an cothromas chun cinn sa tsochaí trí chéile.
- go gcuirfeadh sé comhtháthú pobail chun cinn agus meas ar chultúr, féiniúlacht, teanga agus luachanna foghlaimeoirí, teaghlach agus pobal. Beidh sé trédhearcach agus cuntasach d'fhoghlaimeoirí, do theaghlaigh agus do pháirtithe leasmhara. Déanfar an chinnteoireacht oideachasúil a tharmligeán, den chuid is mó, dóibh sin atá freagrach as a sholáthar, rud a chuideoidh, dá réir, lena chinntiú go mbíonn muinín ag an phobal as an chóras.
- go bhfeisteadh sé foghlaimeoirí ag gach céim dá saol leis an eolas, na scileanna agus na dearcthaí atá de dhíth le go dtig leo cur go dearfach leis an tsochaí agus leis an gheilleagar. Cothóidh sé smaointeoireacht chriticiúil, athléimneacht, inoiriúnaitheacht agus an cumas bheith ag bisiú le linn tréimhsí athraithe. Ag an am chéanna, bainfidh sé úsáid éifeachtúil éifeachtach as acmhainní.

9 'In the exercise and performance of all powers and duties conferred or imposed on them by the Education Orders, the Department and boards shall have regard to the general principle that, so far as is compatible with the provision of efficient instruction and training and the avoidance of unreasonable public expenditure, pupils shall be educated in accordance with the wishes of their parents.' ón Ordú Oideachais agus Leabharlann (Tuaisceart Éireann) 1986 (Uimh. 594 (T.É. 3)), (1986), alt 44. <https://www.legislation.gov.uk/nisi/1986/594/contents>

4. MÓRCHEISTEANNA

Tá téarmaí tagartha an Athbhreithnithe Neamhspleách an-fhairsing – iarrtar orainn, leis na Téarmaí Tagartha comhaontaithe, breithniú a dhéanamh agus tuairim a nochtadh i dtaca le haon ghné den chóras oideachais mar a gcuirfeadh athchóiriú le torthaí feabhsaithe don fhoghlaim.

Lena chinntiú go mbíonn an tasc seo inréadaithe, rinneadh réimsí tosaíochta fiosraithe a shainaithint, rud a chuimsíonn na saincheistean is suntasaí ar gá plé leo. Rinneadh iad seo a fhorbairt bunaithe ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, tiomsú fianaise agus anailís ar shonraí. Ní féidir, sa Tuairisc Eatramhach seo, ach ráiteas achomair a chur ar fáil i dtaobh gach ceiste ach beidh anailís níos doimhne agus moltaí soiléire ar fáil sa Tuairisc Deiridh. Níl an liosta seo uileghabhálach – is dócha go gcuirfeadh saincheistean eile leis de réir mar a bheifear ag leanúint den obair.

4.1 Luathbhlianta

Tugann taighde le fios go bhféadann dea-sholáthar réamhscolaíochta borradh a chur faoi fhorbairt chognaíoch agus fisiceach páistí, a bhfolláine, a ngnóthachtáil acadúil níos moille sa tsaol agus go fiú le tuilleamh agus iad fásta. Is ionann na blianta is luaithe agus tréimhse dianfhorbartha don inchinn; is deis uathúil iad leis an fhoghlaim todhchaí a fheabhsú. Rachaidh sé chun sochair don uile pháiste ach is féidir an tionchar a bheadh aige ar pháistí de theaghlach atá faoi mhíbhuntáiste a bheith bunathraitheach.

Leis na buntáistí seo a bhaint amach, ní mór rochtain a bheith ag teaghlach ar sheirbhísí ardchaighdeán ar feadh iomlán na tréimhse ón bhreith go dtí tús na scolaíochta. Ní mór go dtacódh na seirbhísí seo le gach gné d'fhorbairt an pháiste. Ag tús an tsaoil, is minic an tacaíocht is tábhachtaí ag teacht ón altra ceantair. Le linn bhlianta na réamhscolaíochta, aistrítear an bhéim go dtí forbairt na cainte, forbairt foclóra agus ullmhacht chun foghlama.

Díreofar an obair s'againn amach anseo ar sheirbhís chomhtháite chomhsheasmhach chuimsitheach chruthú a phléifeas le forbairt fhisiceach intleachtach phearsanta an pháiste ón ghiniúint go tráth na hiontrála isteach san oideachas bunscolaíochta. Ag an pointe sin, beidh sé tábhachtach oideachas páiste-láraithe súgradh-bhunaithe aois-oiriúnaithe a chinntiú.

Thar am, ba cheart an tseirbhís uilíoch a bheas ar fáil do pháistí a leathnú. Ba cheart, áfach, tosaíocht a dhéanamh den tseirbhís atá ar fáil do pháistí de chuid teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste agus dóibh sin a bhfuil deacrachtaí forbartha acu a leathnú. Tá sé ríthábhachtach aon fhadhbanna a bheadh ag teacht chun cinn a aimsiú go luath agus idirghabháil éifeachtach a chur i bhfeidhm. Rachaidh sé seo go mór chun tairbhe don duine bainteach agus don tsochaí.

Beidh costais shuntasacha ag baint lena leithéid de chur chuige straitéiseach (cé gur féidir an cur i bhfeidhm a bheith céimnithe) ach is féidir gur bunsraith dhaingean a bheadh inti le dul i ngleic leis an tearcghnóthachtáil oideachasúil agus, san am céanna, leis an fhoghlaim a fheabhsú do gach duine óg.

4.2 Míbhuntáiste agus Tearcghnóthachtáil

Is iondúil comhghaol láidir a bheith ann idir bunús na gcineálacha míbhuntáiste. Is dóchúla daoine óga nach n-éiríonn leo ar scoil a bheith dífhostaithe. Is dóchúla fosta iad a bheith thíos leis an easláinte, iad bás anabaí a fháil, iad a bheith ina n-íospartach coireachta nó ina ndéantóir coire, iad a bheith ag plé le handúil, agus dá réir. Tá an míbhuntáiste agus an tearcghnóthachtáil ar na ceisteanna is tromchúisí ar gá don Athbhreithniú seo aghaidh a thabhairt orthu.

Cé gur fíor go mbaineann lear daoine de chúlra an mhíbhuntáiste an-rathúlacht amach, is amhlaidh, mar sin féin, go bhfuil ceangal láidir ann ar fud an domhain idir tearcghnóthachtáil leanúnach oideachasúil agus cúlra socheacnamaíoch.

Tá sé seo amhlaidh i dTuaisceart Éireann, mar a bhfuil go leor scoileanna ardghnóthachtála ann ach, go fóill féin, eireaball suntasach tearcghnóthachtála le sonrú i measc an phobail trí chéile. Tá, dá réir sin, breithniú déanta againn ar an tuairisc deiridh agus an plean gníomhaíochta ar thug painéal saineolaithe RO ar an tearcghnóthachtáil oideachasúil breac-chuntas air in [A Fair Start](#) (2021), agus tacaímid leo sin.¹⁰ Ós leithne téarmaí tagartha an Athbhreithnithe seo ná na téarmaí tagartha a bhí acusan, beidh deis ann le bealaí níos forleithne fós a mholadh le dul i ngleic leis an éagothroime agus leis an tearcghnóthachtáil.

Pléifidh an Tuairisc Deiridh leis na saincheisteanna seo d'fhonn caighdeán a ardú, torthaí oideachasúla, folláine agus athléimneacht na bhfoghlaimoirí de gach aois a fheabhsú, agus cur le deiseanna saoil na ndaoine sin de chúlra an mhíbhuntáiste mar aon le foghlaimoirí a bhfuil níos mó tacaíochta de dhíth orthu, amhail páistí a dtugtar aire dóibh agus páistí agus daoine óga nuathagtha.

10 An Roinn Oideachais, *A Fair Start – Final Report & Action Plan*, (1 Meitheamh 2021). <https://www.education-ni.gov.uk/publications/fair-start-final-report-action-plan>

4.3 Tacaíocht d’Fhoghlaimeoirí, Ionchuimsiú agus Folláine

Thug réimse leathan páirtithe leasmhara, chomh maith le foghlaimeoirí agus baill foirne i scoileanna / aonaid speisialta aiseolas maidir le tacú le foghlaimeoirí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais orthu (SRO). Is ceist lárnach í seo ag cuid mhór foghlaimeoirí, tuismitheoirí / cúramóirí agus oideachasóirí agus tá fianaise shuntasach ar an ábhar, ar a n-áirítear tuairiscí ó Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann (NIAO) ón Choiste um Chuntais Phoiblí (PAC). Mar fhreagairt, choimisiúnaigh an Roinn Oideachais ‘[The Independent Review of Special Education Needs](#)’.¹¹ Tá an t-athbhreithniú seo ag teacht chun deiridh agus déanfaidh sé seo eolas dár smaointe sa tuairisc deiridh.

Tá sé ríthábhachtach bearta cuí a bheith ann le go mbeidh Tuaisceart Éireann in ann feabhas láithreach agus leasú níos fadtréimhsí a sholáthar lena chinntiú go ndéanfar freastal níos fearr orthu siúd a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu san am atá le theacht. Ag an am chéanna, is riachtanach go mbeidh an tseirbhís a chuirfear ar fáil inmharthana, rud nach bhfuil fíor faoi láthair.

Is cúis inní dúinn na modhanna reachtúla chun freastal ar dhaoine óga a bhfuil SRO orthu. Is minic a tharraingítear na próisis mheasúnaithe agus ráiteas a thabhairt do dhaltaí amach gan ghá. Creideann teaghlaigh nach ndéantar freastal iomlán ar riachtanais a bpáistí nó nach ndéantar freastal orthu chomh luath agus is féidir. Is beag fianaise atá ann go bhfuil na modhanna curtha i bhfeidhm chomh héifeachtach mar is mian leis an tsochaí. Tá líon na gcásanna agus na costais ar thacaíocht SRO ag dul i méad go han-ghasta agus ar dhóigh atá neamh-inmharthana. I bhfianaise costas atá ag ardú, tá sé riachtanach go ndírítear maoiniú go cúramach ar riachtanais foghlama páistí aonair. D’fhorbair an córas faoi láthair as Tuairisc Warnock a bhí ina tuairisc cheannródaíoch ag an am ach atá ann anois le breis agus 40 bliain.¹² Ón am sin, tháinig smaointe úra agus fianaise chun cinn ar na buntáistí a bhaineann le hoideachas atá níos ionchuimsithí, ábhar a ndéanfar fiosrú níos doimhne air sa Tuairisc Deiridh.

Déanann cuid mhór páirtithe leasmhara tosaíocht de shláinte mhothúchánach agus folláine go leanúnach ach díríonn foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus oideachasóirí aird ar leith air. Mar shampla, is cáipéis éachtach í [Children & Young People’s Emotional](#)

11 Department of Education, Independent Review of Special Education Needs. <https://www.education-ni.gov.uk/articles/independent-review-special-education-needs>

12 Warnock, H.M. et al., *Report of the Committee of Enquiry into the Education of Handicapped Children and Young People* (1978).

[Health and Wellbeing in Education Framework](#) a thugann achoimre ar an tacaíocht atá de dhíth ar fhoghlaimoirí a dtiocfadh leo bheith i mbaol nó a léiríonn go bhfuil cuidiú breise ag teastáil uathu.¹³ Tá fianaise ann atá ag fás a léiríonn na buntáistí le cleachtas bunaithe ar eolas faoi thráma. Creideann muid go bhfuil sé tábhachtach cuidiú le daoine óga a bheith acmhainneach chomh maith le hidirghabháil a dhéanamh chun cuidiú leo siúd a bhfuil deacrachtaí acu. Mar sin féin, tá gá le níos mó leanúnachais maidir le soláthar na modhanna seo agus ról an tréadchúraim. Tá gá le soláthar dóthanach acmhainní sna réimsí seo.

Aithníonn muid ról tábhachtach na Seirbhísí Óige, páirtí lárnach oideachais mar gheall ar an tsoláthar éispéiris mhúnlatheacha taobh amuigh den tseomra ranga. D'fhéadadh na heispéiris seo tacú le réimsí torthaí oideachasúla, folláine a fheabhsú agus a chinntiú gur féidir le níos mó foghlaimoirí leanúint ar aghaidh le baint leis an oideachas.

4.4 Curaclam agus Measúnú

Is minic a dhírítear plé ar leasú oideachais ar na córais agus ar na struchtúir. Sa deireadh, áfach, braitheann caighdeán seirbhís oideachais ar an ábhar atá á theagasc agus ar chaighdeán an teagaisc. Mar sin, tá áit lárnach ag an churaclam, oideolaíocht agus measúnú inár smaointe faoi láthair.

Beidh gá i gcónaí le nuashonrú rialta óir sáraíonn athruithe geilleagracha agus sóisialta forleathan an curaclam agus cáilíochtaí. Ag an am chéanna, tá seirbhís shaineolach fhreagrúil de dhíth ar oideachasóirí ar a n-áirítear forbairt ghairmiúil ar ardchaighdeán ar feadh a ngairm bheatha.

Déanann an curaclam scoile faoi láthair tacar cuspóirí a chur i bhfeidhm – gur cheart go bhforbródh gach foghlaimoir mar dhaoine aonair, mar rannpháirtithe sa tsochaí agus mar rannpháirtithe sa gheilleagar. Creideann muid gur cheart an cur chuige seo, cé gur chóir seo a chur leis an aidhm foghlaimoirí rathúla agus tiomanta a dhéanamh de dhaoine óga.

13 *Department of Education, Children & Young People's Emotional Health and Wellbeing in Education Framework, (26 February 2021).*
<https://www.education-ni.gov.uk/articles/emotional-health-and-wellbeing>

Déanfaidh muid machnamh ar an ghaol idir an churaclam agus measúnú agus iarracht á déanamh le bheith cinnte go bhfuil tábhacht leis an méid a thomaistear. Cuidíonn measúnú leis an fhoghlaim feabhsú agus tugann sé aitheantas don fhoghlaim; is cuid thábhachtach agus luachmhar é d'oideachas maith. Mar sin féin, cuireann róbhéim ar scrúduithe as a chéile an t-eispéireas oideachasúil as riocht, go háirithe sna blianta deireanacha dein iarbhunscolaíocht.

Is riachtanach gur chóir don churaclam a bheith ciallmhar, leanúnach agus dírithe le háit lárnach ag an fhoghlaim. Ba chóir íoslaghdú a dhéanamh ar a athruithe tobanna amhail an t-athrú ó churaclam aontaithe bunscóile chuig socruithe atá bunaithe ar ábhair san iarbhunscóil. Ba chóir go mbeadh roghanna ag daoine óga ó réimse conairí le cothroime airde agus measa ar cháilíochtaí acadúla agus gairmoideachais ar aon. Ba chóir go ndéanfadh cáilíochtaí freastal ar riachtanais foghlaimoirí agus geilleagar Thuaisceart Éireann, anois agus san am atá le theacht.

4.5 Aistrithe agus Dul Chun Cinn

Bíonn sraith aistrithe agus conairí mar chomhartha sóirt ar an turas oideachasúil. Tá muid den tuairim go bhfuil gá le haistrithe saoráideacha agus go mbíonn conairí oscailte go leanúnach. Ba chóir don turas dul chun cinn a éascú a bheith gan cheann caoch agus maireachtáil ar feadh saol iomlán an fhoghlaim. Tá gá le deiseanna foghlama agus athfoglama bheith ar fáil agus rochtain orthu níos faide ná deireadh an oideachais fhoirmiúil agus chomh fada le saol an duine fásta agus cultúr foghlaim fad saoil a chothú ar fud na sochaí.

Tá neart conspóide ann maidir leis an aistriú ón bhunscolaíocht chuig an iarbhunscolaíocht; bíonn tuairimí láidir ag cuid mhór páirtithe leasmhara ar an ábhar. Ní dhéanfaidh an Tuairisc Deireanach neamart sna ceisteanna seo. Déanfaidh muid moltaí faoi aistriú páistí an-óga chuig an fhoghlaim fhoirmiúil agus faoin aistriú ó fhoghlaimoirí sna déaga de bhlianta ón scoil chuig an bhreiseoideachas agus chuig an ardoideachas, oiliúint, fostaíocht agus an saoll mar dhaoine fásta. Déanfaidh muid moltaí fosta faoin dóigh le tabhairt faoin fhadhb daoine óga atá scoite ón oideachas agus nach n-éiríonn leo aistriú ón scoil chuig an bhreiseoideachas, oiliúint nó fostaíocht.

4.6 Breisoideachas

Tá ról ríthábhachtach ag an bhreisoideachas i dturas an oideachas agus i bhfoghlaimeoirí a ullmhú a bheith rannpháirteach sa gheilleagar agus sa tsochaí i gcoitinne. Tá an-saineolas i gcoláistí, go háirithe maidir le soláthar an ghairmoideachais agus cúrsaí proifisiúnta agus teicniúla a dhéanann freastal ar riachtanais fostóirí.

Mar sin féin, tá roinnt dúshlán suntasacha roimh earnáil an bhreisoideachais maidir le líon ar rollaí ag dul i laghad agus brú le costais atá ag dul i méad. Tá ceisteanna ann fosta i dtaca le hiomaíocht agus le dúbláil le codanna eile den chóras oideachais. Tá muid den tuairim go bhfuil gá le gach soláthraí oideachais bheith ag obair níos mó ar dhóigh chomhoibríoch leis an fhoghlaimeoir sa lár.

Choimisiúnaigh An Roinn Geilleagair [Review of the Further Education Delivery Model](#).¹⁴ Tá an chéad chéim san athbhreithniú seo ag teacht chun deiridh agus déanfaidh muid machnamh ar na torthaí agus moltaí á ndéanamh againn faoi na dóigheanna lena chinntiú go mairfidh earnáil an bhreisoideachais.

4.7 Tacú le Luch Saothair an Oideachais

Ár gcleachtóirí – is sainmhíniú é seo a théann níos faide ná múinteoirí agus léachtóirí chuig daoine eile a bhfuil baint acu le seirbhísí oideachais a sholáthar agus a bhfuil ról lárnach acu i rath ár gcóras oideachais. Ní mór iad a aithint, tacú leo, iad a fheistiú agus iad a chumasú. Ní mór dúinn fosta dul i ngleic le tearcfheidhmíocht nuair a bhíonn sé ann.

Ba chóir gur réamhriachtanais iad sároiliúint, tacaíocht agus forbairt ghairmiúil leanúnach le haghaidh feabhsú oideachasúil. Déanfaidh muid ár machnamh ar na roghanna atá ann lena chinntiú go mbeidh ardchaighdeán oiliúint tosaigh múinteoirí ar fáil chomh maith le forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile.

14 Department for the Economy, Review of the Further Education Delivery Model. <https://www.economy-ni.gov.uk/topics/further-education/review-further-education-delivery-model>

Tá áit lárnach ag cultúr féinfheabhsuithe a chumasú agus a chur chun cinn i dtacú lenár lucht saothair oideachais. Cuireann comhoibriú agus comhthacaíocht idir scoileanna agus feidhmíocht gréasán gairmiúla. Déanfaidh muid ár machnamh fosta ar bhearta le tacú le bealaí níos leithne dul chun chinn gairme ar a n-áirítear deiseanna do mheantóireacht, sosanna gairmiúla agus iasachtaí (taithí tionsclaíocht agus ghnó san áireamh).

4.8 Struchtúir agus Córas Aonair

Cé go n-iarrann NDNA orainn machnamh a dhéanamh ar ‘bhogadh i dtreo córas singil oideachais’, ní thugtar sainmhíniú ar an téarma.¹⁵ Inár seisiúin fianaise agus machnamh ar pháipéir, is léir nach bhfuil sainmhíniú aontaithe ann maidir leis an chiall atá le ‘córas aonair’ i ndáiríre.

Tá tuairim ag cuid mhór daoine go gciallaíonn ‘córas aonair’ ardú soláthair oideachais imeasctha agus ísliú scoilteanna pobail agus earnála. Tá fócas ag daoine eile ar an difear oideachas gramadaí agus meánscoile san iarbhunscolaíocht. Tugann daoine eile arís aird ar an chastacht agus ar an dúbláil nach bhfuil de dhíth i riarachán an oideachais.

Tá cuid mhór páirtithe éagsúla a bhfuil baint acu i soláthar oideachais. Ina measc tá ionaid luathbhlianta, bunscoileanna agus iarbhunscóileanna, breisoideachas agus ardoideachas, scéimeanna oiliúna, seirbhísí óige agus printíseachta agus soláthar d’oideachas lasmuigh den scoil (EOTAS) agus seirbhísí sainriachtanais. Tá roinnt ranna tábhachtacha rialtais a bhfuil baint acu leis an oideachas chomh maith le forais soláthair. Tá gá leis na forais seo uile comhoibriú le fíis chomhchoiteann a sholáthar. Ba chóir oideachas a sholáthar i gcomhpháirt seachas in iomaíocht le tús áite ag riachtanais an fhoghlaimora.

Baineann an bogadh i dtreo ‘córais aonair’ le ceisteanna casta agus conspóideacha a ndéanann muid machnamh leanúnach orthu. Beidh conclúidí agus moltaí cinnte sa Tuairisc Deiridh.

15 *New Decade, New Approach*, p.7.

4.9 Rialachas Institiúideach

Roinntear freagrachtaí oideachais idir RO agus RG, cé go gcuireann DAERA agus An Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí ar leith ar fáil maidir lena ndlíní féin agus tá spéis shuntasach ag DoH, san luathbhlianta go háirithe. Mar sin, tá comhoibriú trasroinne riachtanach. Scrúdaigh muid é seo go domhain agus is é an tátal a bhain muid amach gurb idir DE agus DfE an comhéadan is mó maidir le soláthair oideachais agus oiliúna iar-16. D'fhéadfadh sé go mbeidh athrú suntasach de dhíth.

Rinneadh machnamh fosta ar ról an ÚO, an comhéadan idir ÚO agus RO agus rannpháirtíocht foras eárnála. Beidh ár gcur chuige i dtaca le machnamh ar na ceisteanna seo bunaithe ar an tuairim go gcuideoidh níos mó tairmligin cinnteoireachta do scoileanna ár bpríomhchuspóir a sheachadadh: torthaí níos fearr d'fhoghlaimoirí. Ina theannta sin, creideann muid gur chóir do gach institiúid oideachais breathnú orthu féin le bheith freagrach d'fhoghlaimoirí agus don tsochaí. D'fhéadadh sé go mbeidh gá le hathruithe rialachais, go háirithe i scoileanna beaga, le go mbeidh siad in ann leas a bhaint as an chineál seo cumasaithe.

Scrúdaigh muid socruithe institiúideacha le haghaidh measúnaithe agus cáilíochtaí. Beidh machnamh ar roghanna athruithe ina chuid lárnach den Tuairisc Deiridh.

4.10 Maoiniú – Leordhóthanacht, Éifeachtúlacht agus Tionchar

Ba chóir breathnú ar an oideachas mar a bheadh infheistíocht ann; ullmhaíonn sé daoine aonair agus an tsochaí don am atá le theacht. Is féidir le idirghabhálacha luath cuí cosc a chur ar fhorbairt deacrachtaí foghlama. Dá réir sin, thiocfadh leis seo costais a íoslaghdú agus torthaí níos fearr a sholáthar do dhaoine aonair, do cháiníocóirí agus don tsochaí ar an iomlán.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn go dtí seo, tá muid den tuairim nach bhfuil leibhéal sásúil maoinithe sa chóras oideachais i dTuaisceart Éireann.

Tá roinnt foinsí fianaise air seo:

- Le níos mó ná deich mbliana anuas, is é an caiteachas ar dhalta i dTuaisceart Éireann an caiteachas is lú I gceithre dhlínse an Ríocht Aontaithe agus é 5.5% níos lú ná meán an RA go leanúnach¹⁶.

16 De réir taighde le Institute for Fiscal Studies (IFS) caitheadh thart faoi £6,400 ar dhalta sa bhliain 2021-22 i dTuaisceart Éireann, £6,600 sa Bhreatain Bheag, £6,700 i Sasana agus £7,600 in Albain. Is é is ciall leis seo go raibh an caiteachas ar dhalta in TÉ £372 níos lú ná an meán ualaithe san RA ([Comparisons of school spending per pupil across the UK | Institute for Fiscal Studies \(ifs.org.uk\)](https://www.ifs.org.uk/comparisons-of-school-spending-per-pupil-across-the-uk)).

- Laghdaíodh an caiteachas i ndáiríre ar dhalta faoi 10 % sa tréimhse de 7 mbliana roimh phaindéim Covid.¹⁷
- Laghdú suntasach ar infheistíocht san oideachas agus scileanna ar a n-áirítear laghdú de thart faoi aon trian i ndáiríre ar chaiteachas ar an ardoideachas, breisoideachas agus tionsclaíocht sa tréimhse idir 2010/11 agus 2019/20.
- Dúshlán shuntasacha san am atá le theacht maidir le maoiniú le haghaidh oiliúint óige agus printíseachtaí muna bhfuil cinnteacht ann faoi mhaoiniú ionaid sásúil do Chistí Struchtúracha na hEorpa (ESF).
- Tá tagairt déanta ag an Roinn Oideachais d'easnamh maoinithe £465m sa bhliain airgeadais reatha;¹⁸ tá monatóireacht á déanamh air seo le linn na bliana airgeadais reatha.

I dteanna cheist an tearcmhaoinithe, tá muid inníoch go gcuireann an spleáchas leanúnach ar leithdháileadh le linn na bliana le costais gheallta a íoc srian ar chumas ranna rialtais seirbhísí a phleanáil agus a sholáthar d'fhoghlaimoirí.

Tá inní orainn fosta go bhfuil easpa sonraí i réimsí ina ndéantar infheistíocht shuntasach le buntáistí agus tionchar na hinfheistíochta sin a léiriú..

Téann éiginnteacht airgeadais agus tearcmhaoiniú i bhfeidhm go mór ar ár bhfoghlaimoirí. Is cúis inní ar leith é seo ag am a bhfuil cuid mhór teaghlach ag streachailt leis an chostas maireachtála agus costais oideachais nach bhfeictear, éidí scoile agus béilí scoile san áireamh.

Cuirfidh an Tuairisc Deiridh béim ar thrí phríomhcheist: go leor maoinithe a chinntiú don oideachas; a chinntiú go mbainfear úsáid éifeachtach as an mhaoiniú sin; agus a chinntiú go mbíonn tuiscint níos fearr ag cinnteoirí ar thionchar an mhaoinithe.

17 Figiúirí ón Roinn Oideachais. Níor cuireadh figiúirí ó 2019/20 ar aghaidh san áireamh mar gheall ar iad a bheith as riocht i ndiaidh éifeachtaí mhaoiniú breise a bhain le paindéim Covid.

18 Freagairt ar cheist Tionóil AQW414/22-27.

<http://aims.niassembly.gov.uk/questions/printquestionssummary.aspx?docid=373883>

5. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

5.1 Na Chéad Chéimeanna Eile

Iarradh orainn an Tuairisc Deiridh a chur ar fáil taobh istigh de 18 mí ón am ar ceapadh muid, le féidearthacht síniú gairid (suas le 6 mhí) a fháil más gá.

Bainfidh cuid mhaith den obair sna míonna atá romhainn le measúnú a dhéanamh ar an fhianaise a tiomsaíodh, bearnaí a líonadh nuair is gá agus anailís a dhéanamh ar roghanna le haghaidh leasaithe. Ansin, rachaidh an Painéal ar aghaidh chun moltaí a fhorbairt agus modhanna soláthair a mholadh.

5.2 Tacaíocht a Fhorbairt

Is gné tábhachtach dár machnamh é bheith cinnte bhfaigheann an Tuairisc Deiridh agus a moltaí tacaíocht ó pháirtithe leasmhara, cinnteoirí agus gníomhairí soláthair. Aithníonn muid go mbeidh sé seo dúshlánach. Mar sin féin, cuirtear ina luí orainn nach rogha freagrach é gan a dhath a dhéanamh.

Chuige sin, pléifidh muid na mórcheisteanna polasaí le páirtithe leasmhara le machnamh a dhéanamh ar roghanna agus smaointe a thriail. Tá sé ríthábhachtach go ndearfar réitigh nuair is féidir, I gcomhpháirt le daoine a mbeidh an tionchar is mó ag na réitigh sin orthu.

5.3 Soláthar

Is gá leis an Oideachas i dTuaisceart Éireann athrú. Mar sin féin, tá teorainn le hacmhainní agus tá cumas teoranta ag an chóras athrú ag am áirithe ar bith. Mar sin, beidh amscála 20 bliain agus níos faide chun tosaigh in úsáid sa Tuairisc Deiridh agus déanfaidh sí iarracht gan moltaí a chur ar fáil chun déileáil le fadhbanna atá ann faoi láthair amháin ach bealach a leagan amach don fhadtéarma fosta.

Beidh moltaí don todhchaí luath praiticiúil, inacmhainne agus insoláthartha; beidh na moltaí atá dírithe ar an fhadtéarma uailmhianach, cuimsitheach agus níos dúshlánaí.

LIOSTA ACRAINMNEACHA

CAFRE	College for Agriculture, Food and Rural Enterprise
CCEA	Council for Curriculum, Examinations and Assessment
CCMS	Council for Catholic Maintained Schools
CnaG	Comhairle na Gaelscolaíochta
CSSC	Controlled Schools' Support Council
CSTS	Catholic Schools' Trustee Service
DAERA	Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs
DfE	Department for the Economy / An Roinn Geilleagair
DoH	Department of Health / An Roinn Sláinte
DoJ	Department of Justice / An Roinn Dlí agus Cirt
EA	Education Authority / Údarás Oideachais
EOTAS	Education Other Than At School / Oideachas lasmuigh de scoil
ETI	Education and Training Inspectorate / An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna
FE	Further Education / Breisoideachas
GBANI	Governing Bodies Association (NI)
HE	Higher Education / Ardoideachais
MLA	Member of the Legislative Assembly / Comhalta den Tionól Reachtach
NDNA	New Decade, New Approach
NIAO	Northern Ireland Audit Office / Oifig Iniúcháireachta Thuaisceart Éireann
NICCY	Northern Ireland Commissioner for Children and Young People
NICIE	Northern Ireland Council for Integrated Education
NICS	Northern Ireland Civil Service / Státseirbhís Thuaisceart Éireann
PAC	Public Accounts Committee / An Coiste Um Chuntais Phoiblí
SEN	Special Educational Needs / Sainriachtanais Oideachais

SSUNI	Secondary Students' Union Northern Ireland
TEO	The Executive Office
ToR	Terms of Reference for this Review
TRC	Transferor Representatives' Council
UCETNI	Universities' Council for the Education of Teachers Northern Ireland

AIGHNEACHTAÍ A FUARTHAS

D’ullmhaigh na daoine aonair agus na heagraíochtaí a leanas páipéir don Athbhreithniú go háirithe agus chuir siad seo isteach go deonach le haghaidh breathnaithe. Tá na haighneachtaí seo ar fáil ar shuíomh gréasáin [Independent Review of Education](#).

Ní áirítear cur i láthair a úsáideadh le linn seisiúin fianaise sa liosta seo.

Eagraíochtaí

- Aquinas Diocesan Grammar School, Board of Governors
- Association of Controlled Grammar Schools
- Association of School and College Leaders
- Catholic Heads Association
- Catholic Schools’ Trustee Service
- Children’s Law Centre
- Comhairle na Gaelscolaíochta
- Commission for Victims and Survivors
- Confederation of British Industry
- Controlled Schools’ Support Council
- Council for Catholic Maintained Schools
- Council for the Curriculum, Examinations & Assessment
- Dyslexia Awareness NI
- Early Years
- Education Authority
- Federation of Small Businesses
- Further Education Colleges Principals Group
- Governing Bodies Association NI
- Institute of Directors

- Integrated Alumni
- Integrated Education Fund
- Irish National Teachers' Organisation
- Mental Health Champion, Professor Siobhan O'Neill
- National Association of Head Teachers
- NASUWT: The Teacher's Union
- National Education Union
- Northern Ireland Chamber of Commerce
- Northern Ireland Commissioner for Children and Young People Youth Panel
- Northern Ireland Council for Integrated Education
- Northern Ireland Humanists
- Oireachtas Joint Committee, Cathaoirleach
- Pivotal (Northern Ireland public policy forum)
- Presbyterian Church in Ireland
- St Joseph's Grammar School, Donaghmore
- Stranmillis University College
- Transferor Representatives' Council
- Ulster-Scots Community Network
- Ulster Teachers' Union
- Ulster Wildlife Youth Forum
- Universities' Council for the Education of Teachers NI

Daoine Aonair

- Denis Rooney
- James Curran
- Martina Jordan
- Naomi Coupland
- Roisin O'Hare

LIOSTA DE NA SEISIÚIN FIANAISE

Eagraíodh seisiúin agus cruinnithe fianaise le réimse leathan eagraíochtaí agus daoine aonair.

Tá liosta thíos de na daoine agus de na heagraíochtaí a ndearna an Painéal comhairliúchán leo ó mhí Dheireadh Fómhair 2021. I mbunús na gcásanna liostaigh muid na heagraíochtaí seachas na daoine aonair. Bhuail ionadaithe ó chuid de na heagraíochtaí seo leis an Phainéal roinnt uaireanta.

Bhí cur i láthair aonair/ seisiúin eolais; ceardlanna, nó comhchainteanna le roinnt daoine aonair agus eagraíochtaí; agus cuairteanna ar na struchtúir a úsáideadh do na cruinnithe.

Grúpaí Leanaí agus Daoine Óga

- BUD Club
- Education Authority Youth Service
- Fóram na nÓg
- Long Tower Youth Club
- NICCY Youth Panel
- Northern Ireland Civil Service Students Group
- Northern Ireland Youth Assembly
- Secondary Students' Union Northern Ireland

Earnáil Leanaí agus Daoine Óga

- Altram
- Ballymena & Little Steps (Antrim) Sure Start

- Barnardo's
- Children's Law Centre
- DOWN Sure Start
- Early Years
- Edenballymore Sure Start
- Gold Sure Start
- Mencap
- Millburn Community Playgroup
- Northern Ireland Commissioner for Children and Young People
- Royal College of Paediatrics and Child Health
- Save the Children

Grúpa Tuismitheoireachta

- Parenting NI

Cleachtóirí Oideachais

- Ballyclare High School
- Belfast Metropolitan College
- Bunscoil Phobal Feirste
- Castlereagh Alternative Education Provision
- Collaborate Northern Ireland
- College of Agriculture, Food and Rural Enterprise
- Dickson Plan area school principals
- Early Years / Primary School Principals Reference Group (established by Review Panel)
- Further Education Colleges Principals Group

- Lagan College
- Local education academics and researchers
- Model Primary School and Nursery, Derry/Londonderry
- Mitchell House School
- Post-primary (including FE) Principals Reference Group (established by Review Panel)
- Queen's University Belfast
- Special Schools' Strategic Leadership Forum
- St Cecilia's College, Derry/Londonderry
- St Malachy's Primary School & Nursery, Bangor
- St Mary's University College, senior staff and student teachers
- St Pius X College
- St Teresa's Nursery School, Belfast
- Shaftesbury Nursery School, Belfast
- Stranmillis University College, senior staff and student teachers
- Teconnaught Cross Community Preschool
- Ulster University
- Universities' Council for the Education of Teachers NI

Forais Oideachais Eile

- Department of Education (Republic of Ireland)

Páirtithe Polaitíochta

- Alliance Party
- Democratic Unionist Party
- Sinn Féin

- Socialist Democratic Labour Party
- Traditional Unionist Voice
- Ulster Unionist Party

Rialtas TÉ

- Department for Agriculture, Environment & Rural Affairs
- Department for the Economy An Roinn Geilleagair
- Department of Education / An Roinn Oideachais
- Department of Health / An Roinn Sláinte
- Northern Ireland Audit Office / Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann
- The Executive Office / An Oifig Feidhmiúcháin

Coistí Tionóil

- Education Committee / An Coiste Oideachais

Comhlachtaí Páirtspleách

- Comhairle na Gaelscolaíochta
- Council for Catholic Maintained Schools
- Council for the Curriculum, Examinations & Assessment
- Education Authority
- Middletown Centre for Autism
- Northern Ireland Council for Integrated Education

Forais Earnála

- Catholic Schools' Trustee Service
- Controlled Schools' Support Council

- Governing Bodies Association (NI)
- Transferor Representatives' Council

Ceardchumann – Múinteoireacht

- Association of School and College Leaders
- Irish National Teachers' Organisation / Cumann Múinteoirí na hÉireann
- National Association of Head Teachers / Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí
- NASUWT: The Teacher's Union
- National Education Union
- Ulster Teachers' Union / Aontas Múinteoirí Uladh

Ceardchumann – Foireann Tacaíochta

- GMB
- Northern Ireland Public Service Alliance (NIPSA)
- UNISON
- Unite the Union

Forais Fostóirí agus Scileanna

- CFM Ltd
- Civica
- Confederation of British Industry
- Construction Employers Federation, Northern Ireland
- Construction Industry Training Board
- Engineering Sectoral Partnership
- Federation of Small Businesses

- Independent Review of Careers Guidance, Dr Deirdre Hughes
- Institute of Directors
- Manufacturing Northern Ireland
- Northern Ireland Chamber of Commerce
- Northern Ireland Electricity
- Northern Ireland Fire and Rescue
- Northern Ireland Skills Council
- Software Alliance
- Workforce Training
- Workplus

Eile

- Coalition for Inclusive Education
- Dyslexia Awareness NI
- Education and Skills Delivery Partnership, Community Planning, Derry City & Strabane District Council
- Expert Panel into Educational Underachievement
- Foyle Learning Community
- Goliath Trust
- Innovation Forum
- Integrated Education Fund
- Mental Health Champion, Professor Siobhan O'Neill
- Northern Ireland Humanists
- Northern Ireland Office
- Paul Sweeney, former DE Permanent Secretary
- Pivotal NI

- Post-Primary Taskforce
- Public Health Agency
- Review of Children's Social Care Services Northern Ireland,
Professor Ray Jones
- Ulster University Economic Policy Centre

TUAIRISC AR ANAILÍS SUIRBHÉ

Beidh an tuairisc anailíse leis féin mar iarscríbhinn.

<https://www.independentreviewofeducation.org.uk/your-views>

TUAIRISC EATRAMHACH

DEIREADH FÓMHAIR 2022

